# Scannánaíocht - Frásaí agus Abairtí úsáideacha

## Abair, Pléigh agus Scríobh

| Frásaí úsáideacha | Abairtí úsáideacha |
|---|---|
| Taithníonn/thaitin an scannán seo liom | Tugann an stiúrthóir (Tugtar) cur síos éifeachtach dúinn ar X |
| sa chuid deireanach | Sa chéad radharc, cuirtear íomhá de X os ár gcomhair |
| grá don dúlra/chultúr/fharraige | Cruthaíonn na fuaimeanna atmaisféar X.. |
| ag tús an scannáin | Cruthaíonn/úsaideann an stiúthóir íomhanna éifeachtacha ealaíonta sa scannán. |
| i lár an scannáin | Cruthaítear íomhánna mealltacha ag tús an scannáin. |
| ag deireadh an scannáin | Úsáideann an stiúrthóir an ceol/fhuaim chun béim a chur ar mhothúcháin/atmaisféar ar leith. |
| caint ghontach | Baintear feidhm chliste as an gceol/bhfuaim a athúsáid chun mothúcháin/atmaisféar a threisiú. |
| an téama is láidre | Chuir an carachtar X  i gcuimhne dom/Chuir sé/sí mé ag smaoineamh ar.. |
| an mothúchán is láidre | Léiríonn an carachtar go soiléir go bhfuil X air/uirthi. |
| Is é X téama an scannáin seo. | Taispeánann an stiúrthóir (taispeántar) X ag deireadh an scannáin. |
| Tá an chuma ar an scéal | Tugann/cruthaíonn/úsáideann/léiríonn/taispeánann/déanann/cuireann/músclaíonnn/míníonn/an stiúrthóir... |
| nochtaítear dúinn | Tugtar/cruthaítear/úsáidtear/léirítear/taipeántar/déantar/cuirtear/músclaítear/mínítear X ag an deireadh. |

**Tuiseal ginideach**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| i lár an scannáin | stíl an stiúrthóra | tréithe na gcarachtar | teideal an scannáin | soineantacht an fhir |
| easpa tuisceana | éifeacht an cheoil | in aice na fuinneoga | stáisiún traenach | insint na fírinne |

**Míchumas:** Tá os cionn 7000 duine cláraithe leis an NCBI ach is dóigh go bhfuil suas le 63,000 duine a bhfuil cailliúint amharc súl ag dul dóibh agus nach bhfuil ag lorg tacaíochta. • An bhfuil aithne agat ar aon duine a bhfuil lagú amhairc nó asma ag dul dó? • An dóigh leat go mbíonn rochtain ag daoine atá faoi mhíchumas ar iompar poiblí? Más dóigh leat nach mbíonn, mol bealaí inar féidir iompar poiblí a dhéanamh níos inrochtaine • An dóigh leat gur faoi dhaille an scannán? *(Ón Suíomh National Council for the Blind of Ireland, www.ncbi.ie)*